- **Scoil Naomh Bríde, Tulach Uí Chadhain.**
- **Uimhir Rolla:08446K.**
- **Plean Scoile Don Ghaeilge.**

- **Réamhráiteas: Scoil sa Ghaeltacht do chailíní agus do bhuachaillí ó na naíonáin go rang a sé.**

**(a) Conas a cuireadh an plean le chéile agus cé a bhí páirteach ann?**

An Príomhoide agus na múinteoirí chomh maith le tuismitheoirí agus an Bord Bainistíochta.

**(b) Cén fáth go bhfuil gá leis an bplean seo?**

- Chun spéis sa Ghaeilge a chothú.
- Go mbeadh gach duine ar aon intinn faoi úsáid agus tabhacht na Gaeilge.
- An Ghaeilge a chur chun cinn i n-athmaisféar thaitneamhacha.

- **Fís agus Aidhmeanna**

**(a) Fís- An plean i gcomhthéacs na scoile**

An plean a úsáid mar áis bhreise chun go mbeadh éagsúlacht sa cheacht chun na snáitheanna éagsúla a cheangail le chéile.

1. Éisteacht
2. Labhairt
3. Léitheoireacht
4. Scríobhneoireacht

**(b) Aidhmeanna**

- Dearcadh dearfach i leith na Gaeilge agus spéis agus dúil inti a chothú.
- Éagsúlacht a chruthú agus taitneamh a bhaint as foghlaim na Gaeilge.
- Úsáid na Gaeilge mar ghnáth-theanga chumarsáide a chothú.

- An Ghaeilge a bheith comhtháithe lena h-ábhair eile agus ár dtimpeallacht.
- Cur le líofacht, le cruinneas foghraíochta agus le saibhreas teanga an pháiste.

- **Ábhar an Phlean**

**1. Curaclam na Gaeilge**

**1.1 Cur Chuige Cumarsáideach**

- Diriú ar ghánna an pháiste.
- An t-ábhar teagaisc fhoghlama a bheith páiste-lárnach agus taitneamhach.
- An páiste a bheith gníomhach san fhoghlaim agus cuspóir cinnte a bheith ag an gceacht.
- Feidhmeanna teanga a chomhlionadh.
- An bhéim ar úsáid chuí an teanga
- Cumarsáid a bheith mar sprioc le gach ceacht Gaeilge agus na cheithre scíl teanga a bheith comhtháithe lena chéile

**1.2 Feidhmeanna Teanga**

- Caidreamh sóisialta a dhéanamh
- Eolas a thabhairt agus a lorg
- Dearcadh a léiriú agus a lorg
- Dul i gcion ar dhuine
- Struchtúr a chur ar chomhrá
- Soiléiriú a lorg i gcomhrá

**1.3 Snáitheanna an Churaclaim**

- Éisteacht
- Labhairt
- Léitheoireacht

- Scríbhneoireacht

**1.4 Comhthathú na Snáitheanna**

Déanfar na snáitheanna a chomhtháthú chomh minic is féidir agus go laethúil. Beidh comhtháthú idir na h-ábhair eile go nádúrtha trí úsáid na Gaeilge mar theanga theagaisc. As seo beidh saibhriú ar an nGaeilge idir fhocloir agus struchtúir.

**1.5 Téamaí, Straitéisí agus Modhanna Múinte.**

- Ar na feidhmeanna teanga ag freagairt do riachtanais teanga an pháiste.
- Ar leanúnachas ó rang go rang san ábhar teagaisc agus foghlama, na feidhmeanna teanga agus an ghramadach.
- An chomhtháthú na scileanna teanga.

Tá deich gcinn de théamaí atá spéisiúil don pháiste liostaithe sa churaclam:

(1) Mé Féin
(2) Sa Bhaile
(3) An Scoil
(4) Bia
(5) An Teilifís
(6) Siopadóireacht
(7) Caitheamh Aimsire
(8) Éadaí
(9) An Aimsir
(10)Ócáidí Speisialta

Is iad na sé mhodh is suntasaí ar féidir úsáid a bhaint astu ná:

- An Modh Díreach
- Modh na Sraithe

- Modh na Lánfhreagartha Gníomhaí
- An Modh Closlabhartha
- An Modh Closamhairc
- Módh na Ráite

**1.6 Gaeilge Neamhfhoirmiúil-úsáid na Gaeilge i rith an lae:**

- An Ghaeilge a úsáid go feidhmiúil i rith an lae.
- An Ghaeilge a úsáid mar theanga chaidrimh- teachtaireacht a thabhairt, ceist a chur, eolas agus cabhair a lorg.
- Chun gnáthriachtanais chumarsáide agus sóisialta a chomhlíonadh.

## 2. <u>Pleanáil Eagraíochta</u>

**2.1 Pleanáil an Mhúinteora**

Bíonn ar gach mhúinteoir scéim bliana a dhéanamh agus cuntas míosúla a choinneál ar an méid oibre atá á dhéanamh acu.

**2.2 Áiseanna**

- Téacsleabhair agus leabhair léitheoireachta ranga
- An clárbán idirghníomhaíochta agus an ríomhaire
- Dlúthdhioscaí/ téipeanna
- Luaschartaí agus pictiúir chartaí, póstaer agus cáirteanna
- Billeoga agus cartaí oibre
- Dánta agus Amhráin
- Fíor ábhair éagsúla.

**2.3 Éagsúlacht Cumais:**

Is féidir gach páiste a chur ag déanamh an tasc chéanna ach de réir a c(h)umais féin. Déantar na tascanna seo a fhorbairt trí ghníomh, teanga, mím.

**2.4 Comhtháthú le hÁbhair eile:**

Déantar comhtháthú leis na h-ábhair eile go nádúrtha tré úsáid na Gaeilge mar theanga theagaisc. Freisin úsáidtear na téamaí Gaeilge go minic agus déantar an Ghaeilge a chomhtháthú lena h-ábhair eile sa churaclam tré an téama céanna a úsáid gach coicís/mí.

**2.5 Measúnú:**

Go Foirmiúil: Déantar tástáil Gaeilge ar na páistí ó Rang a 1-Rang a 6 ag deireadh na bliana. Déantar measúnú freisin ag cruinniú foirne agus ag na laethanta curaclaim a bhí againn.

Go Neamhfhoirmiúil: Déantar é sa rang go laethiúil agus fiú ag briseadh, am sos.

**2.6 Obair Bhaile:**

Bíonn obair bhaile go rialta ach amháin ag an deireadh seachtaine.

**2.7 Forbairt Foirne:**

Déantar forbairt foirne ag cruinnithe múinteoirí agus foirne-laethanta pleanáil scoile. Freisin déantar é seo trí comhrá neamhfhoirméalta ag am lóin ag foireann teagaisc na scoile.

**2.8 Tuismitheoirí agus an Ghaeilge:**

Tá ról tábhachtach ag na tuismitheoirí i dtaobh an Ghaeilge agus an scoil.

Tá sé tábhachtach iad a bheith fabhrach d’obair na scoile agus d’úsáid na Gaeilge agus tuiscint a bheith acu cé chomh tábhachtachis atá a ndearcadh sa bhaile.

Tá sé riachtanach tacú leis an scoil nuair is féidir leo.

**2.9 Comhionannas:**

Tá an t-eolas seo luaite sa Polasaí Comhionannais agus Rannpháirtíochta.

- **Critéir Rathúlachta**

  Tá ullmhúchán na múinteoirí riachtanach chun an plean seo a chur i bhfeidhm. Tá sé tabhachtach na modhanna atá luaite sa phlean a bheith a leanúint go rialta agus ath-bhreithniú a dhéanamh orthu go rialta freisin.

- **Cur i bhFeidhm**

  **a) Rólanna agus freagracht:**

  Múinteoirí Scoil Naomh Bríde, Tulach Uí Chadhain.

  **b) Spriocdhátaí leis an bplean a chur i bhfeidhm:**

  2013/2014.

- **Athbhreithniú**

  **a) Rólanna agus freagracht:**

  Múinteoirí, páistí, tuismitheoirí agus Bord Bainistíochta Scoil Naomh Bríde.

  **b) Spriocdhátaí le athbreithniú a dhéanamh ar an bplean:**

  Meitheamh 2016.

- **Daingniú agus Cumarsáid**

  Déanfar an Polaisí Gaeilge a scaipeadh i measc na múinteoirí agus an Bord Bainistíochta agus beidh sé ar fáil do thuismitheoirí Scoil Naomh Bríde.